Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professiona Learning of School Leaders and Teachers




# Foghlaim Ghairmiúil do Bhaill na Foirne Tacaíochta Gairmiúla
Lá 2

@Oide_Droichead

CC BY NC

# Forbhreathnú ar Oiliúint na Foirne Tacaíochta Gairmiúla

Oide

**Seisiún a hAon**


Do Bhealach a Dhéanamh trí Dhroichead

**Seisiún a Dó**

Gnéithe de Phróiseas Droichead

**Seisiún a Trí**

MNCanna a Chumhachtú




**Seisiún a Ceathair**

Breathnoireacht agus Plé

**Seisiún a Cúig**

Ag Obair mar Fhoireann

**Seisiún a Sé**

Ag Forbairt sa Ról mar Bhall den FTG

# Intinní Foghlama

Oide

Plé a dhéanamh ar na gnéithe is tábhachtaí den phróiseas agus féachaint ar conas a thacaíonn an próiseas Droichead le forbairt ghairmiúil

Léargas a fháil ar ról agus freagrachtaí na Foirne Tacaíochta Gairmiúla sa phróiseas Droichead

Plé a dhéanamh ar straitéisí éifeachtacha a thugann cumhacht do MNCanna i rith a bpróiseas Droichead

# Ag Obair Le Chéile Go Cianda…



Ábhair



Poncúlacht



Rúndacht



Cosc ar gabháil scáileáin



Ainm Scáileán

# Ag Obair Le Chéile Go Cianda…

Oide



Socruithe Fuaime agus Físe



Láithreacht ar Líne

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí


Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Do Chompás a Chalabrú

Oide

Anois

Eagna




Fuinneamh

Tacaíocht

Machnamh Pearsanta

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers



# **Seisiún a Ceathair:** Breathnóireacht agus Plé

CC BY NC

# Forléargas ar Sheisiún a Ceathair

Plé ar an tsamhail bhreathnóireachta Droichead

Tuiscint ar ról an FTG sa phróiseas breathnóireachta

Cuimhneamh ar conas a chuirtear foghlaim ghairmiúil chun chinn le breathnuithe

# Páirt a Ghlacadh i bPróiseas Droichead

Oide

**Snáithe A**
**Ionduchtú Scoilbhunaithe**

Gníomhaíocht Ionduchtaithe

Breathnóireachtaí

Gníomh machnamhach agus Taisce

Comhráite Gairmiúla

Taifead

**Snáithe B**
**Gníomhaíochtaí Foghlama Gairmiúla Breise**

Cnuascruinnithe

Gníomhaíochtaí Foghlama Gairmiúla Amháin Eile

# Breathnóireacht

Oide

Féachadh ar bhreathnuithe mar chuid bhunúsach den phróiseas Droichead. Bhain MNCanna an-tairbhe astu agus dar le MNC amháin gurbh é *‘deis ab iontaí riamh é, ní dócha go mbeadh a leithéid sin de dheis arís ann le mo ghairm.’*

(Aistrithe ó DQA 2020)

# Breathnóireacht

Oide

> Moltar go mbeadh ar a laghad dhá cheann de gach cineál breathnóireachta ranga (breathnóireachtaí an MNC, agus breathnóireachtaí ar chleachtas an MNC), agus go mbeadh an líon cruinn, agus na ranganna a breathnaíodh, bunaithe ar phlé idir an MNC agus an FTG).


(An Chomhairle Mhúinteoireachta 2017, p.5)





Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Breathnóireacht agus Plé



# Samhail Bhreathnóireachta Droichead

Oide

**Déanann an MNC breathnú ar FTG/ múinteoirí eile**


**Déanann an MNC íoslíon de dhá bhreathnú**

**Déanann an FTG breathnú ar MNC**

**Íoslíon de dhá breathnú ar an MNC**


# Samhail Bhreathnóireachta Droichead

Déanann MNC breathnú ar….




Déanann an FTG breathnú ar..

# Timthriall Breathnóireachta Droichead




**Ullmhú Réamhbhreathnaithe**

Riachtanas a aithníodh i gcomhar le FTG


- Plé ar réimse fócais
- Socraigh cúrsaí lóistíochta

**Breathnú**

**Plé Iarbhreathnaithe**

- Plé a bhunaítear ar bhreathnú


# An Fócas a bhíonn ag Breathnóireacht Droichead



Machnamh Pearsanta


Imeacht Idirghíomhach

# An Fócas a bhíonn ag Breathnóireacht Droichead



# Ag Úsáid ABSA (2022) chun MNCanna a Chumhachtú

Oide







**Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna agus Scoileanna Speisialta - Forbhreathnú**

| | Réimsí | Caighdeáin |
|---|---|---|
| Foghlaim agus Teagasc | Torthaí na bhfoghlaimeoirí | Maidir leis na daltaí: |
| | | baineann siad taitneamh as a gcuid foghlama, tá siad spreagtha chun foghlama, agus tá siad ag súil le gnóthachtáil mar fhoghlaimeoirí |
| | | tá an t-eolas, na scileanna agus na dearcthaí riachtanacha acu chun iad féin agus a gcaidrimh a thuiscint |
| | | léiríonn siad an t-eolas, na scileanna agus an tuiscint a theastaíonn ón gcuraclam[8] |
| | | baineann siad amach na torthaí foghlama atá luaite don téarma agus don bhliain |
| | Eispéiris na bhfoghlaimeoirí | Maidir leis na daltaí: |
| | | glacann siad páirt i ngníomhaíochtaí foghlama bríocha ar bhealach a bhfuil cuspóir leis |
| | | fásann siad mar fhoghlaimeoirí trí idirghníomhaíochtaí ómósacha agus eispéiris atá dúshlánach agus tacúil |
| | | déanann siad athmhachnamh ar a ndul chun cinn mar fhoghlaimeoirí agus forbraíonn siad mothú úinéireachta agus freagrachta as a bhfoghlaim |
| | | faigheann siad deiseanna chun na scileanna agus na dearcthaí a fhorbairt atá riachtanach don fhoghlaim ar feadh an tsaoil |
| | Cleachtas aonair na múinteoirí | Maidir leis an múinteoir: |
| | | tá an t-eolas curaclaim, an t-eolas oideolaíoch agus na scileanna bainistíochta ranga riachtanacha acu |
| | | roghnaíonn agus úsáideann siad cleachtais ullmhúcháin agus mheasúnaithe a chuireann foghlaim na ndaltaí chun cinn |
| | | roghnaíonn agus úsáideann siad cuir chuige teagaisc atá oiriúnach do na torthaí foghlama atá beartaithe agus do riachtanais foghlama na ndaltaí |
| | | freagraíonn siad do riachtanais foghlama aonair agus déanann siad idirdhealú idir gníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc de réir mar is gá |
| | Cleachtas comhchoiteann/ comhoibríoch na múinteoirí | Maidir leis na múinteoirí: |
| | | tá meas acu ar an bhfoghlaim ghairmiúil agus ar an gcomhoibriú gairmiúil agus glacann siad páirt iontu |
| | | oibríonn siad le chéile chun deiseanna foghlama a cheapadh do dhaltaí ar fud an churaclaim agus lasmuigh de |
| | | i gcomhar lena chéile, forbraíonn siad agus cuireann siad i bhfeidhm cleachtais mheasúnaithe fhoirmitheacha agus shuimitheacha atá comhsheasmhach agus iontaofa |
| | | cuidíonn siad leis an acmhainn uile-foirne a thógáil trína saineolas a roinnt |

ABSA (RO 2022, lch 25)

# Ag Úsáid ABSA (2022) chun MNCanna a Chumhachtú

*Réimse 3: Cleachtas aonair na múinteoirí*

| Caighdeáin | Ráitis ar chleachtas éifeachtach | Ráitis ar chleachtas fíor-éifeachtach |
|---|---|---|
| **Roghnaíonn agus úsáideann an múinteoir cleachtais ullmhúcháin agus mheasúnaithe a chuireann foghlaim na ndaltaí chun cinn** | Déanann múinteoirí pleanáil le haghaidh measúnú a dhéanamh ar ghnóthachtáil na ndaltaí ar thorthaí foghlama roghnaithe an cheachta, nó ar shraith ceachtanna, ag baint úsáid as measúnú foirmitheach agus measúnú suimitheach araon. | Déanann múinteoirí pleanáil chun measúnú a dhéanamh **ar gach gné ábhartha d'fhoghlaim na ndaltaí** sa cheacht, nó i sraith ceachtanna, ag baint úsáid as measúnú foirmitheach agus measúnú suimitheach. |
| | Cuimsíonn cleachtais mheasúnaithe na múinteoirí, ní hamháin measúnú ar an eolas ach measúnú ar scileanna agus meonta freisin. | Cuimsíonn cleachtais mheasúnaithe na múinteoirí, ní amháin measúnú ar an eolas ach measúnú ar scileanna agus meonta freisin. **Déanann múinteoirí straitéisí measúnaithe a shaincheapadh chun freastal ar riachtanais foghlama aonair.** |
| | Cuireann múinteoirí aiseolas cuiditheach, forásach ó bhéal agus scríofa ar a gcuid foghlama ar fáil do dhaltaí go rialta. | Cuireann múinteoirí aiseolas cuiditheach, forásach ó bhéal agus scríofa ar fáil do dhaltaí go rialta. **Úsáideann múinteoirí aiseolas chun oibriú le daltaí ar straitéisí soiléire chun feabhais.** |
| | Roinneann múinteoirí critéir ratha le daltaí ionas gur féidir leo a gcuid foghlama féin a mheas trí fhéinmheasúnú agus trí phiarmheasúnú. | Roinneann **agus comhchruthaíonn** múinteoirí critéir ratha le daltaí ionas gur féidir leo a gcuid foghlama féin a mheas trí fhéinmheasúnú agus trí phiarmheasúnú, agus **sainaithníonn siad réimsí le haghaidh feabhsúcháin agus straitéisí chun feabhsú a bhaint amach.** |
| | Coinníonn múinteoirí taifid mheasúnaithe atá soiléir, úsáideach agus éasca le tuiscint agus le roinnt. | Coinníonn múinteoirí taifid mheasúnaithe atá soiléir, úsáideach, éasca le tuiscint agus le roinnt, agus **atá in oiriúint do riachtanais foghlama aonair na ndaltaí.** |




ABSA (RO 2022, p.31)

# Ag Úsáid ABSA (2022) chun MNCanna a Chumhachtú

Oide




- Fócas de Bhreathnú Droichead
- Forléargas ar Chreat Cáilíochta
- Réimse(sí) Ábhartha agus Caighdeáin Ábhartha
- Ráitis ar Chleachtas

Cleachtas Ionchuimsitheach

Cleachtas aonair na múinteoirí

Seomraí ar Leithligh

ABSA (RO 2022, p.31)

# Samhail Bhreathnóireachta Droichead


Déanann NQT Breathnú ar Mhúinteoir a bhFuil Taithí acu


Déanann an MNC íoslíon de dhá bhreathnú

Déanann an FTG breathnú ar MNC

Íoslíon de dhá bhreathnú ar an MNC

# Breathnóireacht **ag** an MNC: Seicheamh



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

| Cuntas Breathnóireacht<br>MNC ag breathnú ar mhúinteoir eile (is féidir gur ball den FTG í/é) | |
|---|---|
| **Múinteoir a bhfuil taithí acu:** | **An MNC mar bhreathnóir** |
| Dáta:<br><br>Am:<br><br>Rang: | Ábhar:<br><br>Fócas: |
| **Dhá ghné ar chuir mé spéis iontu agus a usáidfidh nó a chuirfidh mé in oiriúnt do mo rang féin, b'fhéidir** | |
| (i) | (ii) |
| **Gné amháin ar mhaith liom tuilleadh a fháil amach faoi** | |
| | |

Oide.ie

BY NC

Comhoibriú

Athmhachnamh

Cur i bhfeidhm


# Breathnóireacht <u>ar</u> an MNC

Oide

**Déanann an FTG breathnú ar MNC**

**Íoslíon de dhá bhreathnú ar an MNC**

Mar an gcéanna ach éagsúil!



THE WORLD
AUSTRALIA
INDIAN OCEAN
SOUTH ATLANTIC OCEAN
INDONESIA
BRAZIL
ARGENTINA
SUDAN
CHINA
NORTH ATLANTIC OCEAN
UNITED STATES
PACIFIC OCEAN
PACIFIC OCEAN
MONGOLIA
CANADA
RUSSIA
ARCTIC OCEAN

# Réamhbhreathnóireacht ar an MNC

- Socraigh an fócas — a bhaineann le riachtanais a thagann chun cinn
- Socraigh dáta agus am
- Socraigh formáid an bhreathnaithe agus cúrsaí lóistíochta
- Pléigh an ceacht – cad é an plean?

# Réamhbhreathnóireacht ar an MNC

Oide

Cad iad na ceisteanna a iarrfaidh tú ar an MNC faoin gceacht a bhfuil le bhreathnú air?

Machnamh Pearsanta

Imeacht Idirghíomhach

# Fócas Ceachta



(Malderez & Bodóczky1999)

Machnamh Pearsanta

Imeacht Idirghníomhach

# Breathnú ar an gCeacht

**Múinteoir:** Fiona **Ábhar:** Matamaitice **Céim:** 1
**Rang:** Naíonáin Bheaga

**Snáithe:** Cruth agus Spás | **Fócas Breathnaithe:** Teicnící Ceistithe

Chun tús a chur leis an gceacht, dúirt Fiona leis na leanaí go bhfoghlaimeoidís faoi cheithre chruth 2T. Ba é an ciorcal a léirigh sí ar dtús, agus í ag cur íomhá mór de chiorcal ar an gclár bán idirghníomhach. D'fhiafraigh sí, "Ciorcal é seo, nach ea?" agus d'fhiafraigh sí ansin, "An féidir le héinne rud sa seomra ar ciorcal é a fheiceáil?" Bhog sé ar aghaidh tar éis di dhá fhreagra a fháil ó bheirt leanaí.

Cuirtear na leanaí ina ngrúpaí beaga agus tugadh cnuasaigh cruthanna dóibh. D'iarr Fiona ar gach dream an ciorcal a thógáil as agus a méar a chur ar a imeall. Bhain sí úsáid as ceisteanna simplí tabhairt chun cuimhne i gcás roinnt scoláirí, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil Béarla mar theanga breise acu, leithéidí "An bhfuil cúinní ar an gcruth sin?" agus "An mbraitheann sé cruinn?" Chlóigh sí le nós imeachta ba mhar a chéile le haghaidh na gcruthanna eile.

Maidir le grúpaí eile, bhain Fiona úsáid as ceisteanna comparáide agus ceisteanna réasúnaíochta mar seo a leanas ionas go gcuirfí síneadh ar a gcuid smaointe: "Cad é an difear idir an cruth seo agus triantán?", "Cad ina thaobh ar dóigh leat gur dronuilleog seachas cearnóg an ceann seo?" Ba dheacair do roinnt scoláirí iad a fhreagairt agus i gcásanna eile is le tacaíocht a phléigh roinnt eile acu leo.

Bhain sí úsáid as póstaeir mhaighnéadacha chun na ceithre chruth a léiriú ar an gclár.Mhínigh sí go nglacfadh na leanaí sealanna ag caint fúthu ag an gclár. D'fhan sí os chomhair an ranga, áfach, ag fiafraí ceisteanna amhail, "An é seo an chearnóg?" agus "An féidir leat an triantán a fheiceáil?" fad a shínigh sise méar orthu í féin. Tháinig formhór na bhfreagraí ón rang as béil a chéile, agus níor tháinig leanbh ina aonar go dtí an clár.
Le haghaidh na chéad ghníomhaíochta eile, d'oibrigh leanaí ina ngrúpaí chun na ceithre chruth a shórtáil ar mataí A3.

Bhí réimse ábhar ullmhaithe ag Fiona le haghaidh an taisc sin. Fad a bhog sí timpeall ar an seomra, chuir sí ceisteanna ar ghrúpaí chun idirghníomhú leo, leithéidí "An dronuilleog é sin?" agus "An bhfuil sé curtha san áit cheart agat?" Rinne sí a thuilleadh fiosrú anois is arís le "Cá bhfios duit?" Spreag sí iad chun a tasc a chur i gcrích agus mhol sí as obair chríochnaithe a ngrúpa.


Bhí gníomhaíocht dheireanach—pictiúir atá le cruthú as ceithre chruth—le déanamh agus cuireadh ar athlá í de bharr srianta ama. Mhínigh Fiona go gcuirfí i gcrích é sin an lá ina dhiaidh sin.

Loga Foghlama Machnamh-ach 12

Seomraí ar Leithligh

Plé: Grúpa Uile

# Iar-bhreathnóireacht ar an MNC



# Plé Iar-bhreathnóireachta

Oide

## Seasamh éascaitheach le ceistiú oscailte

- Do thuairim ar conas a bhí an ceacht? Cad chuige é sin a rá?
- An raibh nithe gan choinne ann?
- Cad a chuir tú san áireamh nuair a d'ullmhaigh tú an ceacht sin? (Comhthéacs)
- Dá múinfí an ceacht arís, cad iad na nithe, má tá siad ann, a dhéanfá ar bhealach eile? Cén fáth?

# Ról-Imirt Iar-bhreathnóireachta

**Múinteoir:** Fiona **Ábhar:** Matamaitice **Céim:** 1
**Rang:** Naíonáin Bheaga

**Snáithe:** Cruth agus Spás I **Fócas Breathnaithe:** Teicnící Ceistithe

Chun tús a chur leis an gceacht, dúirt Fiona leis na leanaí go bhfoghlaimeoidís faoi cheithre chruth 2T. Ba é an ciorcal a léirigh sí ar dtús, agus í ag cur íomhá mór de chiorcal ar an gclár bán idirghníomhach. D'fhiafraigh sí, "Ciorcal é seo, nach ea?" agus d'fhiafraigh sí ansin, "An féidir le héinne rud sa seomra ar ciorcal é a fheiceáil?" Bhog sé ar aghaidh tar éis di dhá fhreagra a fháil ó bheirt leanaí.


Cuirtear na leanaí ina ngrúpaí beaga agus tugadh cnuasaigh cruthanna dóibh. D'iarr Fiona ar gach dream an ciorcal a thógáil as agus a méar a chur ar a imeall. Bhain sí úsáid as ceisteanna simplí tabhairt chun cuimhne i gcás roinnt scoláirí, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil Béarla mar theanga breise acu, leithéidí "An bhfuil cúinní ar an gcruth sin?" agus "An mbraitheann sé cruinn?" Chlóigh sí le nós imeachta ba mhar a chéile le haghaidh na gcruthanna eile.

Maidir le grúpaí eile, bhain Fiona úsáid as ceisteanna comparáide agus ceisteanna réasúnaíochta mar seo a leanas ionas go gcuirfí síneadh ar a gcuid smaointe: "Cad é an difear idir an cruth seo agus triantán?", "Cad ina thaobh ar dóigh leat gur dronuilleog seachas cearnóg an ceann seo?" Ba dheacair do roinnt scoláirí iad a fhreagairt agus i gcásanna eile is le tacaíocht a phléigh roinnt eile acu leo.

Bhain sí úsáid as póstaeir mhaighnéadacha chun na ceithre chruth a léiriú ar an gclár.Mhínigh sí go nglacfadh na leanaí sealanna ag caint fúthu ag an gclár. D'fhan sí os chomhair an ranga, áfach, ag fiafraí ceisteanna amhail, "An é seo an chearnóg?" agus "An féidir leat an triantán a fheiceáil?" fad a shínigh sise méar orthu í féin. Tháinig formhór na bhfreagraí ón rang as béil a chéile, agus níor tháinig leanbh ina aonar go dtí an clár.
Le haghaidh na chéad ghníomhaíochta eile, d'oibrigh leanaí ina ngrúpaí chun na ceithre chruth a shórtáil ar mataí A3.

Bhí réimse ábhar ullmhaithe ag Fiona le haghaidh an taisc sin. Fad a bhog sí timpeall ar an seomra, chuir sí ceisteanna ar ghrúpaí chun idirghníomhú leo, leithéidí "An dronuilleog é sin?" agus "An bhfuil sé curtha san áit cheart agat?" Rinne sí a thuilleadh fiosrú anois is arís le "Cá bhfios duit?" Spreag sí iad chun a tasc a chur i gcrích agus mhol sí as obair chríochnaithe a ngrúpa.

Bhí gníomhaíocht dheireanach—pictiúir atá le cruthú as ceithre chruth—le déanamh agus cuireadh ar athlá í de bharr srianta ama. Mhínigh Fiona go gcuirfí i gcrích é sin an lá ina dhiaidh sin.




Oide
Loga Foghlama Machnamh-ach
14


Seomraí ar Leithligh

Plé: Grúpa Uile

# Pleanáil Gníomhaíochta

Oide

**Próiseas** a cabhraíonn le haird a thabhairt ar na céimeanna atá le glacach chun spriocanna áirithe a bhaint amach laistigh de thréimhse áirithe



**As plé agus comhoibriú, socraigh an méid seo a leanas:**

- Gnéithe le hoibriú orthu
- Gníomh le glacadh
- Tacaíocht(aí) a theastaíonn
- Dáta athbhreithnithe

# Dearcadh MNC ar Bhreathnóireacht

Oide

B'iontach an tacaíocht a fuair mé ó na múinteoirí eile sa scoil agus
ba mhór agam an deis breathnú ar mhúinteoirí eile chomh maith!

Breathnaigh ar mhúinteoirí eile gach uile dheis a fhaigheann tú mar is é seo an bealach is fearr le foghlaim… agus is dócha go mbeidh sé seo ar cheann de na huaireanta deireanacha a fheicfidh tú duine eile ag múineadh duitse!

(Guth MNC 2024)

# Athbhreithniú ar Sheisiún a Ceathair

Oide

Pléadh an tsamhail bhreathnóireachta Droichead

Fuarthas tuiscint ar ról an FTG sa phróiseas breathnóireachta

Pléadh conas a chuireann breathnuithe foghlaim ghairmiúil chun chinn

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# **Seisiún a Cúig:**
# Ag Obair mar Fhoireann



cc BY NC

# Forléargas ar Sheisiún a Cúig

Oide

- A thábhachtaí is atá an cur chuige scoile uile le haithint
- Tuiscint bhaill den FTG le forbairt ó thaobh rólanna agus freagrachtaí de
- An próiseas a thabhairt chun críche

# Maidir le Ball den FTG...

Éascaitheoir

Urlabhraí

Comhoibrí

Teagascóir


Éisteoir a bhfuil muinín as

Duine bailithe fianaise

Ceannaire

Duine réitithe fadhbanna

Foghlaimeoir




(Horn and Metler-Armijo 2011)

Loga Foghlama Machnamh-ach 15

Seomraí ar Leithligh

Plé: Grúpa Uile

# Prionsabail maidir le Foireann Éifeachtach a Bhunú

Oide



Cumarsáid

Comhoibriú

Soiléireacht

Comhsheasmhacht

Rúndacht

Imeacht Idirghníomhach

# Róil agus Freagrachtaí Soiléire a Leagan Síos

Oide

Oide — Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí — Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

cc BY NC

**Droichead - Róil agus Freagrachtaí Molta do Bhaill den Fhoireann Tacaíochta Gairmiúla agus do Mhúinteoirí Nua-cháilithe - Bunscoil**

**Droichead**

Is é príomhchuspoir Droichead tacú le **foghlaim ghairmiúil na MNCanna** i gcéim an ionduchtaithe, chun **bonn a chur faoi fhás agus foghlaim ghairmiúil eile** a dhéanfar sa chéad chéim eile dá ngairmré.

(An Chomhairle Mhúinteoireachta, 2017, l.3)

**Droichead agus an FTG - Ról agus Freagrachtaí Molta**

Próiseas comhoibritheach é i gcónaí tacú le MNC trí Droichead. Tá dhá ról ag an FTG:

- an MNC a threorú agus a chomhairliú le linn an ionduchtaithe scoile, sna chéad chéimeanna dá aistear nó dá haistear gairmiúil.
- dearbhú i bpáirt a dhéanamh leis an MNC go raibh siad páirteach i bpróiseas ardchaighdeáin teagaisc agus foghlama.

(An Chomhairle Mhúinteoireachta, 2017)

# Comhráite Gairmiúla a Stiúradh

Oide

## Meoin

- Bí ullamh chun éisteachta
- Bíodh a fhios agat an cuspóir uileghabhálach
- Bíodh a fhios agat an fiúntas is féidir leat cur leis an gcomhrá




## Soiléireacht

- Bí rannpháirteach sa phlé
- Roinn do chuid smaointe
- Éist agus Foghlaim

## Caidreamh

- Tabhair deimhniú don duine eile
- Ceistigh chun tuisceana
- Tabhair ar ais an méid a chloiseann tú





## Réití

- Pléigh na roghanna
- Bain triail as réití féideartha
- Socraigh na chéad chéimeanna eile

(Aistrithe ó Davey 2019)

# Comhráite Gairmiúla a Stiúradh

Oide






# Comhráite Gairmiúla a Stiúradh

Muinín


Dearcadh

Am


Bunaithe ar Láidreachtaí



# Cur Chuige don Scoil Uile



# Ceithre Luach Eiticiúla na Comhairle Múinteoireachta




(An Chomhairle Mhúinteoireachta, 2016)

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

# Eolas ar Am Scaoilte

Oide

- Am lánrogha teoranta — dean teagmháil le primarydroicheadsupport@oide.ie
- Am scaoilte do Bhall Seachtrach FTG – féach ar CCanna
- Laethanta scaoilte a éilíodh trí OLCS: Ionduchtú Múinteoirí
- Tráthchláir shamplacha ar ár suíomh gréasáin

| Líon na múinteoirí nuacháilithe ar Droichead | Am scaoilte scoile atá ar fáil do na scoileanna i ngach bliain acadúil (Laethanta) |
|---|---|
| 0 | 0 |
| 1 | 4 |
| 2-4 | 5 |
| 5-6 | 6 |
| 7+ | 7 |

# An Próiseas a Thabhairt chun Críche

Oide

**Toradh A**

Líonann an FTG agus an MNC an comhdhearbhú ar Fhoirm D.

**Toradh B**

Ní líontar an comhdhearbhú.

Teastaíonn am sa bhreis, b'fhéidir.

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Cás-Staidéar

Oide


Níl ach trí seachtaine fágtha ag Fiona sa scoil agus tá fonn uirthi an próiseas Droichead a chur i gcrích le linn na tréimhse sin. Is iomaí sin cúis a cuireadh roinnt cruinnithe leis an FTG ar athlá nó ar ceal le linn na bliana.

Cé go bhfuil na baill den FTG sásta go raibh Fiona rannpháirteach sa phróiseas, is é a dtuairim nach bhfuil a dóthain dul chun cinn déanta aici. Ar an mbonn sin, níl siad sásta an comhdhearbhú a shíniú. Ní aontaíonn Fiona leo mar dar léi go bhfuil gach gné den phróiseas a theastaíonn comhlíonta aici.

Machnamh Pearsanta

Imeacht Idirghníomhach

# An Fhoirm D a Chomhlánú ar Líne




Líontar Foirmeacha D go beacht


Rud tromchúiseach is ea falsú eolais agus déileálann an Chomhairle Mhúinteoireachta leis ar an mbonn sin

Déann an Chomhairle Mhúinteoireachta athbhreithniú cuimsitheach ar gach Foirm D a fhaightear

Faigheann baill de FTG ríomhphoist ón gComhairle Mhúinteoireachta nuair a bhaintear an coinníoll Droichead ón glárúchán MNC


# An Fhoirm D a Chomhlánú ar Líne

Oide



# Comhsheasmhacht agus Dearbhú Cáilíochta

‘Tá líon meicníochtaí i bhfeidhm le cáilíocht agus leanúnachas phróiseas Droichead achinntiú go náisiúnta’





(An Chomhairle Mhúinteoireachta, 2017, lch. 7)

# Próiseas Droichead a Thaifeadadh

Oide

- ❑ Cóip den Ríomhphost Deimhniúcháin
- ❑ Sracphlean Droichead
- ❑ Caighdeáin Droichead agus Plean Ionduchtaithe
- ❑ Teimpléid le haghaidh Breathnóireachtaí agus Pleanáil Gnímh
- ❑ Taifead ar Am Scaoilte
- ❑ Miontuairiscí na gcruinnithe
- ❑ Athbhreithniú agus Machnamh
- ❑ Taisce
- ❑ Foirm D



# Dualgais agus Freagrachtaí

- Nithe eitice le cuimhneamh orthu
- Príobháideachas duine eile
- Rúndacht faisnéise
- Beartas cosanta sonraí na scoile
- Stóras? Foirm leictreonach?



# Cosaint Sonraí

Oide




GDPR 2018

www.gdpr4schools.ie

# Athbhreithniú ar Sheisiún a Cúig

Oide

Aithnítear a thábhachtaí is atá an cur chuige scoile uile

Forbraíodh tuiscint bhaill den FTG ó thaobh rólanna agus freagrachtaí de

Tugadh aird ar an próiseas a thabhairt chun críche

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers



# Seisiún a Sé:

## Ag Forbairt sa Ról mar Bhall den FTG

cc BY NC

# Forléargas ar Sheisiún a Sé

Oide

Cur i bhfeidhm beartas Droichead ar chleachtas

Na céimeanna d’fhorbairt meantóra le haithint

Plé ar thacaíochtaí breise do FTGanna agus MNCanna

# Céimeanna Forbartha an Mheantóra

Claonadh

Éagothromaíocht

Aistriú

Muinín

Éifeachtacht

(Aistrithe ó Portner 2005)

# Teoiric a Chur i gCleachtas

**Suíomh Féideartha 1**
Cuireann an príomhoide in iúl don FTG go rachaidh MNC breise sa bhfoireann in mí Eanáir. Is amhlaidh atá beirt bhall den FTG a thacaíonn le cúigear MNCanna faoi láthair..

**Suíomh Féideartha 2**
Fiafraíonn comhbhall foirne: "Nuair a dhéanann MNC breathnú ar mo rang, bhí ceisteanna acu ar dhifrealú – ach an é tacú leo ina chuid dár ról?"

**Suíomh Féideartha 3**
Deir MNC: "Chaill mé Cnuaschruinniú 1 i dTéarma 1. Cad atá le déanamh?"

**Suíomh Féideartha 4**
Níl ionadaí ag an Leas-Phríomhoide chun rang de chuid bhall den FTG a clúdach le haghaidh a mbreathnú sceidealaithe tráthnóna.

**Seomra Féideartha 5**
Tugann ball de FTG faoi deara nach nglacann an MNC lena chomhairle agus tacaíocht tar éis an chéad dhá bhreathnú.

**Seomra Féideartha 6**
Téann MNC a fhad le ball de FTG chun a rá gur chuala siad ball eile den FTG ag plé a chleachtas seomra ranga le baill eile den fhoireann.

**Suíomh Féideartha 7**
Faigheann ball de FTG ceist ó MNC: Cad é an tslí is fearr chun ullmhú le haghaidh mo chéad chruinniú tuismitheoirí is múinteoirí? Ba dheas liom go mbeadh fiúntas ann ach nílim cinnte conas tús a chur leis an ullmhú."


**Suíomh Féideartha 8**
MNC: "Tá sé i gceist agam ár lá inseirbhíse ar churaclam scoile a úsáid mar an ghníomhaíocht foghlama gairmiúla eile le haghaidh Shnáithe B. An bhfuil sé sin ceart go leor?

Oide
Loga Foghlama Machnamh-ach
16

Seomraí ar Leithligh

Plé: Grúpa Uile

# Do Thionchar Gairmiúil a Leathnú


An Roinn Oideachais
Department of Education

Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022: Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna agus do Scoileanna Speisialta


An Roinn Oideachais
Uasdátaithe i mí Eanáir, 2024


*Réimse 4: Acmhainn na ceannaireachta a fhorbairt*

| Caighdeáin | Ráitis ar chleachtas éifeachtach | Ráitis ar chleachtas fíor-éifeachtach |
|---|---|---|
| **A chur ar chumas na mball foirne róil cheannaireachta a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm** | Soláthraíonn an príomhoide agus an príomhoide tánaisteach clár meantóireachta chun tacú le múinteoirí a bhfuil róil nua acu. | Soláthraíonn **agus bainistíonn** an príomhoide agus an príomhoide tánaisteach clár meantóireachta éifeachtach chun tacú le múinteoirí a bhfuil róil nua acu agus **chun cumas ceannaireachta na meantóirí a fhorbairt.** |

# Ár gcuid Imeachtaí agus Tacaíocht Bhreise

Oide





**Imeacht Athnuachana Droichead**

**Droichead Seisiún Eolais do Phríomhoidí**

**Meon na Meantóireachta a Neartú d'FTG Bhunaithe**

# Acmhainní ar an Suíomh Gréasáin

Oide




Oide
Loga Foghlama Machnamh-ach
17-18

Imeacht Idirghíomhach

# Pleanáil Gníomhaíochta agus na Chéad Chéimeanna Eile

Oide

## Tús a chur leis

- Socraigh Cruinniú FTG
- Pléigh Rólanna agus Freagrachtaí de chuid FTG
- Bunaigh prótacail maidir le coimeád taifead
- Íoslódáil an Sracphlean Droichead
- Bí i gcomhairle le lucht bainistíochta na scoile

## Faoi Lán Seoil

- Socraigh Cruinniú FTG
- Déan athbhreithniú ar phrótacail maidir le coimeád taifead
- Déan athbhreithniú ar Shracplean(anna) i gcomhpháirt le MNC(anna)
- Bí i gComhairle le Lucht Bainistíochta na Scoile

## Ag Dul Chun Cinn

- Conas an córas áirithinte a úsáid chun freastal ar Imeachtaí Foghlama Gairmiúla Droichead eile (e,g Imeachtaí Athnuachana Droichead)
- Téigh trí Ionduchtúcháin Droichead, cuid den suíomh Oide ar mhaithe le tacaíochtaí agus acmhainní

# Athbhreithniú ar Sheisiún a Sé

Oide

Cuireadh i bhfeidhm an beartas Droichead ar chleachtas


Aithnítear na céimeanna d'fhorbairt meantóra

Rinneadh plé ar tacaíochtaí breise do FTGanna agus MNCanna

# Machnamh

Oide

Cá bhfuilim faoi láthair?




Cén chríonnacht a chothóidh mé sa ról?

Cad a spreagann mé?

Cad a thacóidh liom?

# Conclúid



An Phróiseas Droichead

Foireann Tacaíochta Gairmiúla - Ról

MNCanna a Chumhachtú




Machnamh Pearsanta

# Tacaíocht Bhreise

Oide

- ✓ Rannán Ionduchtucháin Droichead: https://oide.ie/ga/droichead/baile/
- ✓ Bí i dteagmháil le Foireann Ionduchtúcháin Droichead na Bunscoile: primarydroicheadsupport@oide.ie

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

- ✓ Cláraigh le haghaidh Droichead: www.teachingcouncil.ie/registration
- ✓ Déan teagmháil leis an gComhairle Múinteoireachta: conditions@teachingcouncil.ie

ESCI Ionaid Tacaíochta Oideachais na hÉireann
Education Support Centres Ireland

- ✓ D'ionad Tacaíochta Oideachais Áitiúil: www.esci.ie

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers



# Ár mBuíochas

## Comhartha nirt is ea é tacaíocht a lorg

CC BY NC